


'Hole in the Wall'

Príosún Dhún Dealgan
i rith an Chogaidh Cathartha

Comóradh Céad Bliain 1922 - 2022



Léarscáil de Dhún Dealgan in 1922 (© Jean Young)

‘Hole in the Wall’
Príosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha
Comóradh Céad Bliain 1922 - 2022

Arna fhoilsiú ag Comhairle Contae Lú

© Comhairle Contae Lú. Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a tharchur i bhfoirm ar bith gan cead i scríbhinn roimh ré ó Chomhairle Contae Lú.

ISBN: 978-1-8383229-2-2

Buíochas:

Údar: Donal Hall, PhD

Arna tháirgeadh ag: Cartlanna Chontae Lú agus Cumann Seandálaíochta agus Stairiúil Chontae Lú

Dearadh: Yellowstone

Íomhá ar an gclúdach: Príosún Dhún Dealgan (Íomhá le caoinhead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, L_CAB_05965).

Grianghraif: De réir fhoscábhinn na híomhá

Grianghrafadóireacht Bhreise: Ken Finegan

Léarscáil: Jean Young

Tá an tionscnamh seo á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoin tionscnamh Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sports and Media



Comhairle Contae Lú
Louth County Council



Clár

| | |
|--|----|
| Réamhrá | 1 |
| Phríosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha | 3 |
| Tras-scríbhinn den dream a d'éalaigh | 14 |
| Liosta na Marbh | 26 |



Eochair ó Phríosún Dhún Dealgan
(Cartlanna Chontae Lú, PP00011/).



Glas chúlghheata istigh Phríosún Dhún Dealgan (ag dul amach ag tithe móra Naomh Maolmhaodhóg) trína ndeachaigh Frank Rogers agus suas le dosaen fear eile a chuaigh ar a dteitheadh an 16 Deireadh Fómhair 1923 (Cartlanna Chontae Lú, PP00011/).

“ ... The worst time we had was on Wednesday night and we spent it mostly in the cellar as the Irregulars were sniping from the Century Tower next door, from Nicholas Haughey’s top window and the Distillery ... at half nine Dr. O’Hagan phoned from the hospital that the Free State troops were on the Workhouse Hills ... Johnnie ... said the troops were in Louth ... and it was a great but sad sight and that they were coming on in great numbers to Dundalk. So we expected them in at 10 o’c and retired to the cellar as from that time until Monday morning we were in an anxious state; dreading that at the first shot from next door they would shell the Century Tower and we might all be killed, but a deluge of rain came on during the night and the Troops did not come in until morning. Before their entry the valiant soldiers fled, they left rifles in McDonalds’ garden and in Haugheys. The Free Staters got them yesterday when searching the snipers’ dens.

If you only saw Francis Street, Earl St. and Park St. anything like it. Every window top and bottom were broken and poor Miss Murphy Francis St. and Peter Kieran’s ceilings down, furniture and everything down and broken and McManus’s as bad and both sides of Earl St. not a safe window, every place boarded up, such a difference in the streets we passed through Wed. morning ... Johnnie did not go to work yet and so escaped Jail, as all Railway workers and Brewery men were halted and put into clink until they were identified and it was amazing to see all the wives and mothers going up to get their husbands and sons out of prison ... I’m told a great battle is on at Drumgooley today many dead and wounded coming in, mostly Irregulars. ”

Sliocht ó litir Esmay Young (Sráid Roden, Dún Dealgan) a sheol sí chuig a hiníon Jeannie Mahony, Droichead Átha, 18 Lúnasa 1922 (Cartlanna Chontae Lú, PP00011/006).

Réamhrá

Bhí ról suntasach ag Príosún Dhún Dealgan, a bhfuil Cartlanna Chontae Lú i gcuid de anois, sa tréimhse réabhlóideach i gCo. Lú. Ó Éirí Amach na Cásca go dtí Cogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathartha, bhí príosúnaigh polaitiúla á gcoimeád ann, tharla stailceanna ocrais ann, chuaigh daoine ar a dteitheadh as agus cuireadh triúr chun báis ann.

Bhí tionchar mór ag Cogadh na Saoirse - tréimhse an Chogaidh Cathartha (1919-23) ar Cho. Lú, áit inar maraíodh os cionn seachtó duine agus tráth ar lean an damáiste ollmhór do mhaoín agus do bhonneagar ar aghaidh. Tá spéis mhór ag an bpobal i gcónaí sa tréimhse seo agus is iomaí duine a chuireann tuairisc fúithi chuig Cartlanna Chontae Lú agus go háirithe teitheadh Frank Aiken “Hole in the Wall” (Poll sa Bhalla) agus os cionn céad fear as Príosún Dhún Dealgan an 27 Iúil 1922.


Rinne Cartlanna Chontae Lú agus Cumann Seandálaíochta agus Stairiúil Chontae Lú comhoibriú ar an ngearrscannán seo agus ar an leabhrán a ghabhann leis chun cuntas gairid ach údarásach a chur le chéile de na heachtraí a raibh an teitheadh mar thoradh orthu sa deireadh. Cumhdaíonn an tréimhse sin an t-ionradh a rinne trúpaí an Rialtais ar Dhún Dealgan an 16 Iúil 1922, príosúnacht agus teitheadh Frank Aiken agus a chuid fear ina dhiaidh sin, gabháil Dhún Dealgan ag Aiken an 14 Lúnasa agus athghabháil fhórsaí an Rialtais trí lá ina dhiaidh sin, úsáid an phríosúin chun príosúnaigh a bhí in aghaidh an Chonartha a choimeád agus an dream a cuireadh chun báis in 1923.

Tá liosta de na daoine a theith sa leabhrán freisin, liosta a tógadh ó Chlár Ginearálta Phríosúnaigh Dhún Dealgan, a bhfuil an leagan bunaidh de i gCartlanna Náisiúnta na hÉireann agus tá cóip mhicreascannáin de i seilbh Chartlanna Chontae Lú. Táimid go mór faoi chomaoín ag Stephen O’Donnell nach maireann as an gcéad tras-scríbhinn de phríosúnaigh a chuaigh ar a dteitheadh a chur le chéile (le haghaidh chomóradh 90 bliain ón teitheadh), a tugadh cothrom le dáta don leabhrán seo. Tá buíochas ag dul freisin do Donal Hall as an sár-scríbhneoireacht a rinne sé ar na scéalta sa ghearrscannán agus sa leabhrán agus as liosta na marbh ó Chogadh Cathartha Chontae Lú. Gabhaim buíochas freisin le Jean Young as an léarscáil bhreá seo de Dhún Dealgan a chur le chéile, is mór an chabhair í.

Táthar ag súil go gcuideoidh an gearrscannán agus an leabhrán chun tuiscint a thabhairt dóibh siúd a bhfuil tábhacht shuntasach ag na heachtraí stairiúla dóibh ar na gníomhaíochtaí i Lú i rith na tréimhse cinniúnaí sin dár stair.

Lorraine McCann, Cartlannaí Contae

Seirbhís Cartlainne Chontae Lú



'Blazing Four Courts'

(Íomhá le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, HOG57).

Príosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha

Ar an 7 Eanáir 1922, dhaingnigh Dáil Éireann le 64 vóta in aghaidh 57 an conradh a síníodh mí roimhe sin idir lánchumhachtaigh na hÉireann agus na Breataine a chuirfeadh deireadh leis na céadta bliain coimhlinte, nó sin é a ceapadh ag an am. In ionad sin, d’fhág an conradh scoilt laistigh de phoblachtachas na hÉireann. Bhí rialtas nua na hÉireann ag streachailt le riarachán nua a bhunú, i measc an lear mór fadhbanna a bhí aige, bhí an méadú ar an mí-ord sóisialta.

Ar an 8 Bealtaine 1922, d’iarr Gobharnóir phríosún Dhroichead Átha an Maor William Barrows, ‘i ngeall ar chomh suaite is a bhí an contae’ gur cheart garda armtha a bheith ar dualgas sa phríosún istoíche. Rinneadh athnuachan ar an iarraidh dhá lá ina dhiaidh sin nuair a fuarthas faisnéis go raibh sé ar intinn ag iarphríosúnach, Michael Cowman, a theith as príosún i mBaile Átha Cliath, Raymond Healy a bhí ar a choimeád i nDún Dealgan a thabhairt leis. Géilleadh don iarratas sin agus ón 24 Bealtaine 1922, cuireadh garda míleata istoíche ar dualgas, ina raibh oifigeach amháin agus triúr fear ó 4ú Rannán an Tuaiscirt a bhí ar lonnú ag beairic arm Dhún Dealgan.¹ Seachtain ina dhiaidh sin, tharraing Frank Aiken, an tOifigeach i gCeannas 4ú an Tuaiscirt, siar an garda, á rá leis an Maor Barrows nach raibh dóthain trúpaí aige chun leanúint ar aghaidh leis.² Fad is a bhíothas ag smaoineamh air sin, aistríodh Raymond Healy chuig príosún Mhuinseo, agus aontaíodh nach raibh aon ghá, as sin amach, le láithreach mhíleata ag an bpríosún.

Thosaigh an Cogadh Cathartha an 28 Meitheamh 1922 nuair a d’ionsaigh an tArm Náisiúnta fórsaí a bhí i gcoinne an Chonartha sna Ceithre Chúirteanna, Baile Átha Cliath. Ar an Satharn an 1 Iúil, tráth ar thosaigh trodaíocht in áiteanna eile i nDroichead Átha, d’fhuadaigh beirt fhear a raibh arm mór acu traein agus tiomáineadh go stáisiún Dhún Dealgan í. Cuireadh iallach ar bheirt oifigeach de Phóilíní Sibhialta Dhún Dealgan agus oifigeach príosúin a bhí ag dul an bealach máirseáil faoi bhéal gunna chuig an bpríosún áit ar eisíodh orduithe chun triúr príosúnach as Dún Dealgan a scaoileadh saor: John Halpin, deartháir le Alderman Halpin a d’fheallmharaigh fórsaí na Corónach i nDroichead Átha i mí Feabhra 1921, James O’Brien agus John O’Connor. Cuireadh foireann uile an phríosúin a bhí ar dualgas faoi ghlas ansin, agus ar imeacht dóibh, ghuigh lucht an ruathaire ‘óíche mhaith’ orthu go sásta agus theith siad ar an traein a bhí ag fanacht leo.³

Cúpla lá ina dhiaidh sin tharla teitheadh mór eile. Ar an 30 Meitheamh, gabhadh dhá fhear déag as Béal Feirste, ar a mbealach le dul i dteannta na bhfórsaí a bhí i gcoinne an Chonartha sna Ceithre Chúirteanna i mBaile Átha Cliath, cuireadh ar a dtriail iad agus cuireadh pianbhreith príosúnachta coicise orthu as dul isteach i siopa le forneart ar Shráid Chlann Bhreasail, Dún Dealgan ag gabháil buataisí agus bróga. Ar an 4 Iúil, bhuaib buachaill beag a raibh beartáin ar iompar aige cnag ar dhoras an phríosúin. Nuair a d’oscail an t-oifigeach an doras, chuaigh beirt fhear armtha isteach le forneart agus scaoil siad saor an dá phríosúnach déag. Fuadaíodh leoraí a bhí ag dul an bealach agus tar éis dul ó theas

-
- 1 Gobharnóir Phríosún Dhún Dealgan chuig an gCathaoirleach ar Bhord Ginearálta na bPríosún, 8-10 Bealtaine 1922, 31 Bealtaine - 1 Meith. 1922 (An Chartlann Náisiúnta, JUS/H/78/18).
 - 2 Ba é fírinne an scéil go raibh thart ar 300 fear armtha maith ag Aiken i limistéar thuaisceart Lú.
 - 3 *Dundalk Democrat* (DD), 8 Iúil. 1922. Ba bhaill de gharastún Thulach an Mhuilinn a bhí i gcoinne an chonartha an triúr, agus cuireadh ina leith gur lámhaigh siad an tOifigeach Príosúin Peter Callan i nDroichead Átha agus rún acu é a mharú.

ÓSLAÍŠ NA h-ÉIREANN.

PP166/003/040

| | |
|----------------------|----------|
| Uimhir na h-Éireann. | A. 6032. |
| Uimhir na h-Éireann. | |

Óireann an Uimhir seo aghairne na h-Éireann.

ÓIRIÚ: Chief of the General Staff,
BEARRAIC BORTOBELLO,

Baile Átha Cliath, 26th. August, 1922. 19

To:
Joseph Dolan, Esq.,
Ardee.

A Chara,

I got your letter of 18th. August and only the tragic distractions since have prevented me replying to it.

I think nobody appreciates Frank Aiken's mind and position more clearly or more sympathetically than I do. Frank was not only negotiating with me for "preserving peace in Dundalk" when the Dundalk Barracks was taken by National troops; he was actually doing it to a certain extent, but very dangerous forces were working underground in his ~~own~~ ranks, and Frank could not have controlled them and their operations would have brought a much worse state of affairs there.

The present position with regard to Frank and his men is brought about by the same cause as that bringing about the dreadful conditions in other parts of the country, namely, -pure waywardness, futility, and irresponsibility.

Whether it be a ^{sign of} strength or of weakness, the actual position is that practically the only condition made with regard to the men in your area is that they surrender their arms.

Beir Beantacht.

Gen. MacDonnell
GENERAL.
CHIEF OF THE GENERAL STAFF.

litir Richard Mulcahy chuig Joseph Dolan, 26 Lúnasa 1922
(Cartlanna Chontae Lú, PP00166/003/002/040).



Beairic Shráid Anna (Cartlanna Chontae Lú, PP00287/004/24).

ar feadh cúig mhíle, stop siad agus rinne siad iarracht cuailí teileagraif a leagan.⁴ Sheas roinnt oifigeach gan arm ó 4ú an Tuaiscirt rompu faoi cheannas an Aidiúnaigh Rannáin John McCoy. Tar éis íde béil a thabhairt dá chéile, d’fhill McCoy ar Dhún Dealgan, d’eagraigh sé grúpa cuardaigh armtha, agus tar éis dul sa tóir orthu agus roinnt urchar a scaoileadh, ghabh siad seisear as an dosaen a chuaigh ar a dteitheadh.⁵ Mar gheall ar an teitheadh sin, chuir Aiken garda míleata ar fáil don phríosún arís, ar feadh scaithimh.⁶

An lá céanna, ar an 4 Iúil, tháinig deireadh leis an troid i nDún Dealgan nuair a ghabh an tArm Náisiúnta beairicí Thulach an Mhuilinn agus tréanphointí eile. I nDún Dealgan, dhearbhaigh Frank Aiken polasaí neodrachta go poiblí agus d’áitigh sé ar na fórsaí a bhí i gcoinne an Chonartha ar bheairicí Shráid Anna agus Shráid an Droichid dul faoina stiúir. Ar feadh coicíse ina dhiaidh sin ní raibh tásc ná tuairisc ar Aiken san áit agus, ar mholadh ón Aire Cosanta Risteárd Ó Maolchatha, rinneadh iarracht teacht ar réiteach de réir mar a bhris coimhlint amach i Luimneach. Ag an am céanna, fuair Aiken agus McCoy orduithe ar dhiúltaigh siad dóibh, ón gCeann Foirne Eoin Ó Dufaigh go ngabhfaí gach duine de na fórsaí a bhí i gcoinne an Chonartha, agus iad ag maíomh toisc go raibh na fórsaí uile faoi cheannas Aiken anois, nach raibh aon fhórsaí

⁴ DD, 8 Iúil. 1922.

⁵ John McCoy chuig Ceann Foirne, 8 Iúil. 1922, (Cartlanna Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCDA), Mulcahy Papers, P7a/175) agus John McCoy (An Biúró um Stair Mhíleata (BMH), Ráiteas Finné (WS)0492, lgh139-41).

⁶ Gobharnóir Phríosún Dhún Dealgan chuig Cathaoirleach Bhord Ginearálta na bPríosún, 5 Iúil 1922, (An Chartlann Náisiúnta, JUS/H/ 78/18).



Oifighigh ó 4ú Rannán an Tuaiscirt (ina seasamh ó chlé-deas) Peter Boyle, Frank Aiken, Michael O'Hanlon agus John McCoy (a bhí i gceannas ar an ionsaí ar phríosún Dhún Dealgan 27 Iúil 1922); (ar a ngugaide ó chlé go deas) Pádraig Quinn agus Ned Fitzpatrick (le cead speisialta ó Chartlanna an Choláiste Ollscoile, BÁC, P104/670/04).

i gcoinne an Chonartha i nDún Dealgan. Ar an 15 Iúil, ag cruinniú i mBeairicí Portobello i mBaile Átha Cliath, d'iarr Maolchatha ar Aiken páipéir suímh a ullmhú le cur faoi bhráid an rialtais. Go luath maidin lá arna mhárach, an 16 Iúil, rinne an Ginearál Dan Hogan le 5ú Rannán an Tuaiscirt ó Cho. Mhuineacháin ionradh ar Dhún Dealgan, agus ghabh siad Aiken in éineacht le thart ar trí chéad fear dá chuid. San ionsaí, maraíodh John Campbell as Crois Mhic Lionnáin agus gortaíodh Patrick Quigley as Dún Dealgan, agus bhí an bheirt mar chuid de gharastún bheairicí Shráid Anna.

Cuireadh foireann an phríosúin ar an eolas faoin ionradh nuair a chonaic siad fir armtha nár aithin siad lasmuigh den phríosún agus iad ag iarraidh dul isteach. Nuair a cuireadh gloach gutháin ar bheairic an airm ag iarraidh cúnaimh d'fhreagair strainséir an gloach, thuig na t-oifigeach príosúin go raibh an baile faoi ionsaí, ach cé a bhí ina bhun? Briseadh cúlghheata an phríosúin agus chuathas in éadan oifigigh ó 5ú rannán an Tuaiscirt a rinne gearán nár tugadh cead d'fhórsaí an tSaorstáit isteach sa phríosún. D'fhreagair na hoifigigh á rá go raibh freagracht orthu an príosún a choinneáil slán, ach nach raibh siad in ann idirdhealú idir fórsaí an tSaorstáit agus na fórsaí Poblachtacha. Tháinig an Ginearál Dan Hogan ar an láthair, shuaimhnigh cúrsaí agus ligeadh na príosúnaigh isteach. Dúirt an Maor Barrows ina dhiaidh sin:

Is mian liom a thuairisciú go ndeachaigh fórsaí armtha, a bhfuair amach gur trúpaí de chuid an tSaorstáit a bhí iontu ina dhiaidh sin, isteach le forneart sa Phríosún seo ag thart ar 6 rn., deirim dá mba rud é go raibh a fhios ag na hÚdaráis gur trúpaí sealadacha a bhí sna trúpaí sa bhaile agus iad ag ligean orthu féin gur Trúpaí de chuid an tSaorstáit a bhí iontu, gur cheart domsa mar Ghobharnóir an Phríosúin faisnéis faoi rún a bheith faighte agam á chur sin in iúl dom⁷.



Eiver Monaghan, Innealtóir ó 4ú Rannán an Tuaiscirt a leag na pléascáin, i dteannta Malachí Quinn, ag ball an phríosúin an 27 Iúil 1922 (íomhá le caoinchead ó Frank Monaghan, PP00011/).

⁷ Ibid, 17 Iúil 1922 (NA, JUS/H/ 78/18)

'Hole in the Wall' Príosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha | Comóradh Céad Bliain 1922 - 2022

Cuireadh thart ar 100 fear ó 4ú Rannán an Tuaiscirt, Aiken agus formhór a chuid oifigeach ina measc, i bpríosún. Ní raibh faoina chúram anois ach 134 príosúnach agus ní raibh aige ach seachtar déag ball foirne, cuid mhaith acu gan aon taithí, dúirt an Gobharnóir: 'Táim fíor-chorraí faoi chúrsaí faoi láthair agus iarraim ar bhonn práinne arís go seolfaí breis foirne, mar tá faitíos orm faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, nach mbeimid sábháilte faoi choimeád.'⁸ Tugadh aird ar an rabhadh, agus moladh gur cheart príosún Dhún Dealgan a chur faoi smacht míleata, ar an mbealach céanna le príosúin Chill Mhaighneann agus Mhuinseo.⁹

Trí lá tar éis rabhadh a fháil ón nGobharnóir, ar an Déardaoin 27 Iúil, chruinnigh John McCoy 4ú Rannán an Tuaiscirt ag Castletown Mount. Thug díorma amháin, faoi cheannas McCoy aghaidh ar an bpríosún, agus d'aonraigh ceann eile faoi cheannas Edward Boyle, an stáisiún traenach agus ghearr na línte teileachumarsáide, fágadh ag grúpa eile faoi Frank Monaghan, an cosán i dtreo an taobh ó thuaidh a choimeád glan ag Bóthar Chaisleán Dhún Dealgan, agus b'éigean do ghrúpa eile, an ceathrú grúpa an bheairic mhíleata agus stáisiún traenach Quay Street a aonrú.¹⁰

Fad is a bhí sé seo ar fad ag tarlú, thionóil Aiken a chuid fear chun druil na maidine a dhéanamh taobh istigh den phríosún. Ag thart ar 7.15 ar maidin, leag Eiver Monaghan agus Malachí Quinn mianach lasmuigh den bhalla lasmuigh ar Ardee Road, agus lean pléascadh mór trom é. Chun na hoifigigh phríosúin a chur ar seachrán tuilleadh, caitheadh gránáidí láimhe freisin.¹¹ Chuir an pléascadh poll mór in íochtar an bhalla, trína ndearna Frank Aiken agus 104 fear iarracht a saoirse a bhaint amach.¹²

De réir na gcuntas a thug oifigigh phríosúin, bhí Aiken díreach tar éis labhairt leis na fir agus bhí siad i scuaine ar a mbealach isteach sa chlós aclaíochta nuair a chuala siad pléascadh mór agus trí cinn bheaga ina dhiaidh sin. Sa deannach agus sa chlampar a lean é chonacthas príosúnaigh ag rith anonn is anall ag cuardach bealach éalaithe sa bhalla taobh amuigh. Níor éirigh le hiarrachtaí breith ar eochracha a bhí i seilbh beirt oifigeach nuair a caitheadh na heochracha thar fhál slándála, rud a chuir deireadh le hiarrachtaí an deichniúr is fiche príosúnach eile a bhí ag iarraidh teitheadh. Rinne na hoifigigh, nach raibh d'arm acu ach maidí, gearán gur theip ar an ngarda míleata, ina raibh oifigeach agus dhá scór is fiche fear a bhí ar lonnú san ospidéal, teacht amach go dtí go raibh na príosúnaigh éalaithe agus níor chaith díorma beag trúpaí a bhí ar dualgas oiread is urchar amháin.¹³

Ag an am céanna, fuadaíodh traein agus tiomáineadh í ar an gcrosaire comhréidh ag Quay Street, ag blocáil an bhóthair. Gortaíodh an Captaen McMahan ón Arm Náisiúnta nuair a rinneadh géar-ionsaí ar bhaill athneartacha a bhí á mbrostu chuig an bpríosún ag droichead Shráid na Bearice.¹⁴ De réir mar a chuaigh trúpaí ó Bheairic Shráid Anna ar lorg na

8 Ibid, 24 Iúil.1922 (NA, JUS/H/ 78/64), meamram freisin ó McDermott, An Bord Príosún chuig Rúnaí na hAireachta Gnóthaí Baile, 22 Iúil. 1922, ibid.

9 McDermott chuig Rúnaí na hAireachta Gnóthaí Baile, 25 Iúil, 1922, ibid.

10 Edward Boyle (BMH, WS 0647, lch.25)

11 Eiver Monaghan chuig an Moltóir, Pinsin Mhíleata, 25 Feabhra 1943 (na Cartlanna Míleata (MA), MSP34R Ref 4051, encls. 22/3).


12 *DD*, 29 Iúil. 1922

13 Féach cuntais oifigeach éagsúla (NA, JUS/H/ 78/64). In ainneoin gur mhaígh oifigigh a mhalairt, dúirt Eiver Monaghan gur chaith beirt naoscaí airm leis féin agus le Malachí Quinn ar bhalla an phríosúin fad is a bhí an mianach á leagan (féach Monaghan Op cit.).

14 'Tuirisc theileafóin ó Aidiúnach Bearice, Dún Dealgan, 28/7/1922' (UCDA, Páipéir Mhaolchatha, P/7/B/107/203).



Garda ag an bpoll sa bhalla tar éis an phléasctha an 27 Iúil 1922 (Cartlanna Chontae Lú, PP00011/).



Buachaillí ag an bpoll sa bhalla tar éis an phléasctha an 27 Iúil 1922 (Cartlanna Chontae Lú, PP00011/).

'Hole in the Wall' Príosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha | Comóradh Céad Bliain 1922 - 2022

dteithithe, rinne fir Frank Monaghan ionsaí orthu ag Castletown Cross agus maraíodh saighdiúir singil de chuid an Airm Náisiúnta, J F McCaffrey as Derryard, An Chrois Liath, Co. Fhear Manach. Idir an dá linn, tháinig McCoy, Aiken agus daoine eile ar charranna thart ar míle ón bpríosún, ach chinn orthu iad a chur ag imeacht. Cé gur lean an dream a d'éalaih orthu ar chos, timpeallaíodh McCoy agus beirt eile agus gabhadh iad.¹⁵

Taispeántar in anailís ar chlár an phríosúin go mba ó 4ú Rannán an Tuaiscirt thart ar leath den dream a theith, ba as Co. na Mí agus lár tíre an chuid eile.¹⁶ Cé gur éirigh le Aiken éalú, is gearr a mhair saoirse don fhorhmór. Tuairiscíodh go raibh seasca den 104 a theith ar ais sa phríosún faoin Satharn.¹⁷



Beairic airm Dhún Dealgan. Scriosadh ceathrú na n-oifigeach, an tulra ar dheis, le linn ionsaí Frank Aiken an 14 Lúnasa 1922. (Íomhá le caoinhead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, EB_1967).

Bhí Aiken ar buile gur tharla an t-ionradh ar Dhún Dealgan tráth a raibh sé i mbun caibidlíochta le Ó Maolchatha. Ar an 14 Lúnasa, bhain Aiken díoltas amach agus in oibríocht a bhí pleanáilte go maith, ghabh sé beairic an airm lena stór ollmhór míleata. Rinne sé príosúnaigh freisin d'oifigigh agus d'fhir an Airm Náisiúnta go léir (cé is moite de Hogan, a bhí ag freastal ar shochraid Art Uí Ghríofa i mBaile Átha Cliath). Cuireadh foireann an phríosúin faoi ghlas ina bpríosún féin agus ordaíodh do Mhaor Barrows agus gunna air ag Philip Daly, oifigeach sinsearach de 4ú Rannán an Tuaiscirt, ordú dá fhoireann na saighdiúirí a bhí ina bpríosúnaigh anois a ghardáil ach dhiúltaigh sé. D'iarr Aiken go gcomhlíonfadh cócaire an phríosúin, oifigeach na stórtha agus an príomhchléireach a gcuid dualgais agus dá ndéanfáidís é sin, go scaoilfí saor na hoifigigh a bhí

15 John McCoy (BMH, WS 492 lch.152)

16 Stephen O'Donnell, 'Dundalk Jail Register - Transcript of Escaped Prisoners 27 Iúil. 1922'. http://www.louthcoco.ie/en/Services/Archives/Archive_Collections/

17 DD, 29 Iúil. 1922.

'Hole in the Wall' Príosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha | Comóradh Céad Bliain 1922 - 2022

fágtha. Tar éis dul i gcomhairle leis an gCeannfort McGonnigal, cuireadh oifigeach sinsearach an Airm Náisiúnta i bpríosún, agus aontaíodh leis sin.¹⁸

In oibríocht ón 16ú agus 17ú Lúnasa, ghlac an tArm Náisiúnta seilbh arís ar Dhún Dealgan. Cuireadh an príosún faoi smacht na n-údarás míleata agus d'fhan sé mar sin go dtí mí an Mhárta 1924.

Bhí sé beartaithe ag Aiken ionsaí a dhéanamh ar an bpríosún agus ar bheairic Shráid Anna an 9 Deireadh Fómhair 1922, ach bhí a fhios ag an Arm Náisiúnta faoin oibríocht agus bhí frithbhearta beartaithe acu. Thabharfaí cead d'fhir Aiken dul isteach go Dún Dealgan, chuirfí na bealaí amach go léir faoi bhac ansin agus bhí trúpaí le bheith lonnaithe ag gach pointe faire. Tuairiscíodh go raibh mianaigh leagtha ag an IRA timpeall an bhaile, agus tháinig an t-arm orthu sin go léir agus cuireadh ó mhaith iad.¹⁹ Cuireadh an t-ionsaí ar ceal ar deireadh thiar thall ach maraíodh óglach den IRA Seán Halpin (Halpenny mar a thugtaí air) ó Baile an Chláir, Co. Ard Mhacha, a bhí ag tabhairt buamaí agus armlóin go Dún Dealgan, ag seicphointe an airm ag Gleann na bhFiach de bharr gur líomhnaíodh nár stop sé nuair a ordaíodh dó stopadh.²⁰

Bhí ruathar eile beartaithe don 20 Deireadh Fómhair. Bhí tuairiscí ann gur caitheadh urchair leis an bpríosún, ag beairic an airm, agus ag urphost ar dhroichead Bhóthar an Lúir.²¹ Bhí aonaid de chuid an IRA in áit, bhí mianaigh leagtha agus iad sreangaithe le pléascadh ag 9 p.m. ag fanacht leis an gcomhartha chun beairic Shráid Anna a ionsaí, comhartha nach bhfuair siad. Thuairiscigh Frank Aiken:

Bhí sé socraithe againn an Príosún a ghabháil anocht ach arís theip ar na príosúnaigh a gcúram a chomhlíonadh agus b'éigean dom é a chur ar ceal inniu.²²

Ní dhearnadh aon ionsaí eile ar phríosún Dhún Dealgan. Ar an 9 Eanáir 1923, tuairiscíodh gur éalaigh Patrick Hughes ball de Chomhairle Contae Lú, Owen Meegan as Inis Caoin agus Joseph Clarke a raibh cónaí air sa Lios Dubh ón bpríosún, ach is beag sonraí a tugadh.²³

Ar an 13 Eanáir 1923, tar éis cinneadh ón rialtas chun dlús a chur faoi mharú na bpríosúnach, cuireadh triúr príosúnach poblachtach chun báis taobh istigh de limistéar an phríosúin: Thomas McKeown as Piedmont, Baile na Lorgan, Co Lú; John McNulty as Béal Leice, Co. Ard Mhacha agus Thomas Murray as Cill an Chairn, Co. na Mí.

Ní raibh sé ach os cionn seachtaine ina dhiaidh sin ar an 22 Eanáir, nuair a cuireadh triúr príosúnach eile chun báis, i mbeairic an airm an uair seo: James Melia agus Thomas Lennon as Dún Dealgan agus Joseph Ferguson as Gyles Quay.

18 Gobharnóir Phríosún Dhún Dealgan chuig Cathaoirleach an Bhoird Príosún, 18 Lún. 1922 (NA, JUS/H/ 78/64).

19 DD, 14 D.Fómh. 1922

20 Daily Report Eastern Command, 9 D.Fómh. 1922 (MA, CW/OPS/07/01); DD, 14 D.Fómh. 1922.

21 Ibid. 20 D.Fómh. 1922 (MA, CW/OPS/07/01)

22 Aiken chuig O'Malley, 20 D.Fómh. 1922, in Cormac K H O'Malley agus Anne Dolan (eag), *No surrender here: the Civil War papers of Ernie O'Malley, 1922-1924* (Baile Átha Cliath, 2007), Ich. 287

23 DD, 13 Ean. 1923

'Hole in the Wall' Príosún Dhún Dealgan i rith an Chogaidh Cathartha | Comóradh Céad Bliain 1922 - 2022

Tar éis an dara grúpa a chur chun báis, chruinnigh slua ina raibh mná agus cailíní lasmuigh den phríosún agus é mar aidhm acu an Paidrín a rá agus iomann a chanadh. Scaip an slua nuair a caitheadh urchair leo agus níor gortaíodh aon duine.²⁴

Ghlac Frank Aiken leis an ról mar Cheann Foirne an IRA an 10 Aibreán 1923 agus thug sé orduithe oibríochtaí a chur ar fionraí ón 30 Aibreán 1923. Ina dhiaidh sin tháinig ordú maidir le 'airm a dumpáil' ar an 24 Bealtaine agus sin é go bunúsach a chuir deireadh leis an gCogadh Cathartha.

Ag an bpointe sin bhí thart ar 12,000 príosúnach poblachtach sa tír, agus scaoilfí saor a bhformhór ach foirm a shíniú ina ngeallfaidís gan troid i gcoinne an Stáit arís go deo. Dhiúltaigh go leor acu síniú, agus ar an 13 Deireadh Fómhair 1923 chuaigh príosúnaigh i bpríosún Mhuinseo ar stailc ocrais, agus iad ag éileamh go scaoilfí saor iad gan choinníoll. Taobh istigh de sheachtain amháin, measadh go raibh 8,000 príosúnach páirteach sa stailc, príosúnaigh i nDún Dealgan ina measc. Níor scaoileadh aon duine saor agus faoi dheireadh mhí na Samhna, tar éis do bheirt príosúnach bás a fháil, cuireadh deireadh leis an stailc ocrais. Tosaíodh ag scaoileadh na bpríosúnach saor faoi choinníollacha arís. Tuairiscíodh i gcuntais sna nuachtáin agus ó fhaisnéis an airm go raibh go leor de na fir ó 4ú Rannán an Tuaiscirt ar ais i nDún Dealgan faoi Nollaig na bliana 1923.²⁵

De réir mar a thosaigh an stailc ocrais, bhí tuairiscí sna meáin faoi teitheadh ollmhór eile a bhí beartaithe ag thart ar dosaen fear, Dé Máirt an 16 Deireadh Fómhair 1923, rud a bhíodhas in ann a dhéanamh ach an glas ar an gcúlghheata a ghearradh.

Ar an 28 Deireadh Fómhair 1924, tugadh coirp na ndaoine a cuireadh chun báis i rith an Chogaidh Cathartha ar ais dá dteaghláigh. I nDún Dealgan, bhí seirbhísí adhlactha ar bun arís ar an Déardaoin 30 Deireadh Fómhair ag Reilig Naomh Pádraig. Nuair a caitheadh trí bhabhta urchar os cionn a gcuid uaigneanna, thosaigh trúpaí ón Arm Náisiúnta a bhí timpeall ar an reilig ag lámhachadh os cionn na ndaoine a bhí cruinnithe le chéile. Bhain sé sin croitheadh mór as daoine, agus maraíodh fear amháin, Joseph Hughes, as Dún Dealgan ó dhúchas agus iarshaighdiúir de chuid na Breataine, le hurchar athscinnte.

Chuaigh príosún Dhún Dealgan ar ais faoi smacht sibhialtach i mí Márta 1924, tar éis deireadh an Chogaidh Cathartha agus bhí gnáthphríosúnaigh faoi choimeád ann an chuid eile den deacáid. Dúnadh an príosún i 1931, agus i 1946, tráth ar dúnadh beairic Shráid Anna, thosaigh An Garda Síochána ag úsáid áras an ghobharnóra. Úsáideadh foirgnimh an phríosúin i gcomhair stórála go dtí gur athchóiríodh otharlann an phríosúin go luath sna 1990idí le haghaidh Cosaint Shibhialta Lú agus rinneadh athchóiriú iomlán ar an gcuid eile de sna 2000idí, agus is ann atá Cartlann Chontae Lú agus Ionad Réigiúnach an Oirthuaiscirt de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann sa lá atá inniu ann.

²⁴ Ibid, 27 Ean. 1923.

²⁵ An Stiúrthóir Faisnéise chuig Aire Cosanta agus Ceannasaí na Ceann Foirne, 8 Samh. 1923 *NE Ulster Ex-Prisoners activities in Dundalk* (MA, CW/P/2/1/11 Box 31)

| Former References | No. of Times | | NAMES | DESCRIPTION | | | | Marks on Person | Weight on | | Where Born | Last Residence | Next of Kin, with Name and Address | Trade or Occupation | Months in Jail | Days in Jail | Degree of Education | Date of Commitment On Term of Imprisonment, 1911 | | | OFFENCE | Court at from which Committed | Sentence | Fines, Bail, or Hard Labour | Expiration of Sentence | After Reference | FURTHER REMARKS | | |
|-------------------|--------------|----|-------------------------|-------------|--------|--------|--------|-----------------|------------|---------------|------------|----------------------|------------------------------------|--------------------------------|----------------|--------------|---------------------|--|--------|-----|--------------------------|------------------------------------|----------------------------|-----------------------------|------------------------|-----------------|-----------------|---------------------------|---------------------------|
| | C. | M. | | Age | Height | Hair | Eyes | | Complexion | Admitted lbs. | | | | | | | | Discharged lbs. | On | For | | | | | | | | Under Sentence | |
| | | | 244 Michael Boyle | 27 | 5 | 5 | 7 1/2 | Bl | 2 | Refused | Refused | Mr. Blaney, Dundalk | Mr. McArthur, 57, S. York | Miss White, 10, S. York | Clad | 5 | AB | R + W | 27 | | Retained in Mtly Custody | H. O'Connell, 57, S. York, Dundalk | Col. Connet, J. O'Sullivan | | | | | | Recd from custody 27.7.22 |
| | | | 245 James Smyth | 23 1/2 | 5 | 4 | 12 | Bl | 2 | do | do | Keshelton, Dundalk | S. Add. | Mr. Henry, S. Add. | Laborer | 5 | AB | R + W | 27 | | Do | Do | | | | | | | |
| | | | 246 Francis Hiken | 58 | 6 | 2 | 9 | Bl | 6 1/2 | do | do | Bundoran, Co. Sligo | Willy, 7, S. York, Dundalk | Miss O'Shea, Dundalk | Vol. Officer | 5 | AB | R + W | 14 | | Do | Do | | | | | | Recd from custody 27.7.22 | |
| | | | 247 Peter Barry | 23 | 5 | 6 | 7 1/2 | Bl | 4 | do | do | Warrig, Wexford | S. Add. | Mr. Peter, S. Add. | Farmer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | Recd from custody 27.7.22 | |
| | | | 248 Jas. Mc Guinness | 15 | 5 | 7 | 9 | Bl | 9 | do | do | Boasbrook, Dundalk | Mr. Hugh, 10, S. York, Dundalk | John, 10, S. York, Dundalk | Soldier | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | Recd from custody 27.7.22 | |
| | | | 249 O. Mc Caul | 25 | 5 | 10 | 7 1/2 | Bl | 7 | do | do | Lisney, Dundalk | Shuroch, 10, S. York, Dundalk | James, 10, S. York, Dundalk | Infantry | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | Recd from custody 27.7.22 | |
| | | | 250 J. Mc Enaney | 19 | 5 | 7 | 10 | Bl | 9 | do | do | Irwin, Scotland | Boasbrook, Dundalk | Mr. Hugh, 10, S. York, Dundalk | Laborer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | Do |
| | | | 251 L. Gavin | 23 | 5 | 7 1/2 | 7 1/2 | Bl | 9 | do | do | Acton | No fixed | John, 10, S. York, Dundalk | Butcher | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | Recd from custody 27.7.22 |
| | | | 252 J. Mc Carrol | 23 | 5 | 9 | 7 1/2 | Bl | 9 | do | do | Chicago | Butcher | John, 10, S. York, Dundalk | Painter | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | Recd from custody 27.7.22 |
| | | | 253 Jas. Mc Caffery | 21 | 5 | 5 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Belfast | No fixed | John, 10, S. York, Dundalk | Teacher | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | Do |
| | | | 254 O. Murphy | 22 | 5 | 5 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Scotland | James, 10, S. York, Dundalk | John, 10, S. York, Dundalk | Laborer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | Recd from custody 27.7.22 | |
| | | | 255 Jas. Sweeney | 21 | 5 | 7 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Yell, North | S. R. | John, 10, S. York, Dundalk | Laborer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 256 Kevin Burns | 16 | 5 | 5 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Knollying | S. R. | John, 10, S. York, Dundalk | Shoemaker | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 257 J. Mc Kevert | 14 1/2 | 5 | 9 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Limerick | S. R. | Wife, 10, S. York, Dundalk | Road | M | AB | R + W | 17 1/2 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 258 W. Mc Kevert | 36 | 5 | 10 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Abbeville | S. R. | John, 10, S. York, Dundalk | Laborer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 259 Charles Keegan | 31 | 5 | 7 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Lurgan, Co. Down | John, 10, S. York, Dundalk | John, 10, S. York, Dundalk | Printer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | Recd from custody 27.7.22 | |
| | | | 260 John Boyle | 21 | 5 | 7 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Woodlough, Co. Louth | Woodlough, Co. Louth | John, 10, S. York, Dundalk | Miller | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 261 Eugene Boyle | 25 | 5 | 4 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Lona, Dundalk | John, 10, S. York, Dundalk | John, 10, S. York, Dundalk | Miller | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 262 Francis Mullin | 25 | 5 | 5 1/2 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Arvinna, Co. Louth | No fixed | John, 10, S. York, Dundalk | Laborer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |
| | | | 263 Michael Fitzpatrick | 21 | 5 | 8 | 10 1/2 | Bl | 9 | do | do | Dundalk | S. R. | John, 10, S. York, Dundalk | Laborer | 5 | AB | R + W | 17 | | Do | Do | | | | | | | do |

Committed from S. York 57 Northern Docks - Dundalk

Sliocht ó Chlár Phríosúnaigh Dhún Dealgan ag taispeáint ainmneacha na ndaoine a theith as, Frank Aiken ina measc sa 3ú ró ón mbarr - tabhair faoi deara go bhfuil an aois a tugadh mícheart (bhí sé 24, ní 38) (Íomhá le caoinchead ó Chartlanna Náisiúnta na hÉireann NAI-PRIS-1-16-1).

Clárlann Ginearálta Phríosúnaigh Dhún Dealgan (NAI/PRIS/1/16/1) – Tras-scríbhinn de Phríosúnaigh a chuaigh ar a dTeitheadh 27 Iúil 1922

Seo a leanas sliocht de thras-scríbhinn ó Chlár Ginearálta Phríosúnaigh Dhún Dealgan (NAI/PRIS/1/16/1) ina sonraítear na daoine a theith an 27 Iúil 1922 ina dtaispeántar sonraí faoi cheannteidil colúin roghnaithe. Taifeadadh sna sonraí sa cholún 'cion' (atá fágtha ar lár ón tras-scríbhinn) 'coinnithe faoi choimeád míleata' le haghaidh na n-iontrálacha uile a thaispeántar thíos.

Tá na hainmneacha sin atá marcáilte le réiltín faoi cholún na n-uimhreacha, leis an iarmhír 'C' ar chomhad na gCartlann Náisiúnta JUS/H/78/64 'lonsaí agus gabháil Phríosún Dhún Dealgan ag na Trúpaí Sealadacha', rud lena dtugtar le fios nár theith siad in aon chor.

Ceartaíodh litriú seoltaí, tá abairtí a bhí le críochnú i lúibíní, agus tá cúpla ceann nár tuigeadh i gceart i lúibíní cearnacha. Tagraíonn 'S/A' (S/C) don seoladh céanna.

| No | Names | Age | Where Born | Last Residence | Next-of-kin with Name and Address | Trade or Occupation | Date of Committal on Remand | Court from which Committed | Further Remarks |
|-----|-------------------|-----|----------------------------|---------------------------|---|---------------------|-----------------------------|---|--|
| 229 | Harty, Michael | 18 | Dundalk | Dundalk | Mother: Maggie, S/A | Boilermaker | 16/07/22 02/08/22 | Comdt. General Hogan, 5th Northern Division | Rescued from custody 27/7/22. Re-captured 2/8/22 |
| 230 | Sweeney, Eugene | 29 | Vincent Avenue, Dundalk | 4 Stapleton Pl, Dundalk | Father: John, S/A | Postal Official | 17/07/22 | Do | Rescued 27/7/22 Re-captured 28/07/22 |
| 231 | O'Hare, Andrew | 26 | Newry | Military Barracks Dundalk | Wife: Lilly, 8 Eglinton Tce, Donnybrook | Soldier | 17/07/22 28/07/22 | Do | Rescued 27/7/22 Re-captured 28/07/22 |
| 232 | Quinn, Patrick | 22½ | Liverpool | Military Barracks Dundalk | Father: John, Address not given | Student | 17/07/22 | Do | Do |
